#GAAgaeilge




MÁRTA 2024

# Clár


| | |
|---|---|
| Teachtaireacht an Uachtaráin | 3 |
| Teachtaireacht ó Áine Uí Choinn | 4 |
| Iománaí Átha Cliath, Fergal Whitely, ceaptha ina Ambasadóir Gaeilge CLG do 2025 | 5 |
| Do Threibh, Do Chontae | 6 |
| Ár gCluichí, Ár Laochra | 7 |
| 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh! | 10 |
| Ó Sé ag súil le tús Chraobh Peile f20 na Mumhan | 11 |
| An ceol go smior in Ambasadóir na Gaeilge, Fergal Whitely | 14 |
| An tarraingt déanta do Chomórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta 2025 | 15 |
| An Ghaeilge faoi bhláth i gclubanna thar lear | 17 |
| An Bhréadach buacach ag Babhta Ceannais Thráth na gCeist Gaeilge | 20 |
| Na Fianna - Curaidh Iomána na hÉireann 2024-2025 | 21 |
| Cuala - Curaidh Peile na hÉireann 2024-2025 | 22 |
| Cláraigh le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha go beo! | 23 |
| Aimsigh na Focail - Roinnt Téarmaí don Chóitseálaí | 24 |
| Crosfhocal | 25 |
| Stair Chumann Lúthchleas Gael – Na Móreachtraí Cuid 2 | 26 |
| Camchuairt Cheolmhar na hÉireann - Peigín Leitir Móir | 27 |
| Freagraí | 30 |



# Teachtaireacht an Uachtaráin

A chairde,

Cúis mhór áthais dom fáilte a chur romhaibh mar Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael chuig an eagrán speisialta seo de 'Cuaille' – iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael – do Sheachtain na Gaeilge. Is gné fíorthábhachtach í an Ghaeilge d'obair an Chumainn agus is rud í atá an-ghar do mo chroí féin.

Tugann rudaí ar nós na hirise seo deis dúinn í a shníomh isteach go nádúrtha inár gcuid cluichí agus inár gcuid gníomhaíochtaí. Tá nasc láidir idir ár gcluichí agus an Ghaeilge agus tá an t-ádh orainn mar Chumann go bhfuil an Ghaeilge ag an oiread ball agus imreoirí agus atá.

Tá Seachtain na Gaeilge faoi lánseol fán tráth seo agus ábhar mór bróid dom an oiread ball agus clubanna atá ag glacadh páirte san fhéile mhór náisiúnta Ghaeilge seo. Tá cuid acu ag glacadh páirte ann mar chuid d'Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha agus cuid eile as a stuaim féin. Scéim iontach í an Fhondúireacht a tugann deis do chlubanna clár oibre struchtúrtha a fhorbairt don Ghaeilge ina gcuid clubanna agus mholfainn do gach club clárú léi.

Ná stopaimis lenár gcuid iarrachtaí an Ghaeilge a chur chun cinn inár gCumann nuair a thagann Seachtain na Gaeilge chun deiridh. Bíodh gach seachtain ina 'Seachtain naGaeilge' againn.

Na déanaigí dearmad go dtig libh coinneáil suas chun dáta leis an nuacht is deireanaí i dtaca leis na cluichí agus imeachtaí eile de chuid an Chumainn ar rannóg Ghaeilge Shuíomh Idirlín Chumann Lúthchleas Gael, áit a bhfuil neart acmhainní agus tacaíochtaí Gaeilge le fáil go héasca, fosta.


San eagrán is deireanaí seo de 'Cuaille', gheobhaidh sibh na míreanna rialta 'Ár gCluichí, Ár Laochra', crosfhocal, gníomhaíochtaí bunscoile, chomh maith le gné-ailt éagsúla agus go leor leor eile. Tá rud inteacht ann d'achan duine beag beann ar chumas Gaeilge agus ar aois!

D'fhógair muid an laoch iomána de chuid Átha Cliath, Fergal Whitely, mar Ambasadóir Gaeilge CLG ag ócáid i bPáirc an Chrócaigh le deireanaí. Tá muid ag súil go mór le gabháil i mbun oibre le Fergal.

Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo de Chuaille mar atá mé féin.

Labhraímis í agus mairfidh sí!

Beirigí bua agus beannacht,



*Iarlaith Ó Broin*
*Uachtarán*
*Chumann Lúthchleas Gael*



# Teachtaireacht ó Áine Uí Choinn

A chairde,

Thar ceann Choiste Náisiúnta na Gaeilge ba mhaith liom fáilte a chur romhaibh uilig chuig an eagrán is deireanaí seo de 'Cuaille', iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Tá súil agam go mbainfidh sibh idir shult agus thairbhe as na rudaí éagsúla atá in eagrán na ráithe seo.

Tá go leor tar éis tarlú ó bhí eagrán deireanach Cuaille ann i mí na Samhna seo caite. D'fhógair muid Fergal Whitely mar Ambasadóir na Gaeilge le gairid – agus léifidh sibh go leor faoi Fergal anseo in eagrán na míosa seo! Tá muid ag súil go mór le bheith ag obair le Fergal ar thograí Gaeilge CLG.

Tá ceiliúradh mór á dhéanamh ar Sheachtain na Gaeilge faoi láthair ar mheáin shóisialta an Chumainn agus tá sé iontach go bhfuil clubanna ní hamháin ó gach cearn den tír, ach gach cearn den domhan, ag glacadh páirte sa chomhrá ar líne ag #GAAgaeilge agus ag #SnaG25.

Bhí Babhta Ceannais Thráth na gCeist Gaeilge ar siúl i mí Feabhra agus bhain na clubanna uilig ar éirigh leo an babhta ceannais a bhaint amach an-sult as an ócáid. Déanaim comhghairdeas arís eile le buaiteoirí an chomórtais , CLG na Bréadaí as an Dún.

Bhí Lá na nOifigeach Gaeilge ar siúl againn i bPáirc an Chrócaigh i mí Eanáir, áit a dtáinig Oifigigh Chultúir agus Ghaeilge na gcontaetha le chéile. Bíonn deis ag an ócáid seo tuairimí a roinnt agus le foghlaim faoin méid atá ar bun i leith na Gaeilge sna contaetha éagsúla.

Beidh Comórtas Peile na Gaeltachta agus na Go Games Gaeilge ar siúl uaidh seo go ceann cúpla mí agus tá mé ag súil go mór leis na hócáidí seo ina ndéanfar ceiliúradh ar an nasc idir ár gcluichí agus ár dteanga.

Idir an dá linn, bainigí taitneamh as Cuaille. Tá rud inteacht ann d'achan duine idir lucht an chúpla focal, lucht na Gaeilge briste agus lucht na Gaeilge cliste.

Tá gné-ailt, nuacht, cuardach focal, 'Ár gCluichí, Ár Laochra' agus go leor eile le fáil in eagrán na ráithe seo.

Beirigí bua,

*Áine Uí Choinn*
*Cathaoirleach*
*Choiste Náisiúnta na Gaeilge, CLG*

# Iománaí Átha Cliath, Fergal Whitely, ceaptha ina Ambasadóir Gaeilge CLG do 2025



*Ambasadóir Gaeilge CLG, Fergal Whitely, i gcuideachta Chathaoirleach Choiste Náisiúnta Gaeilge CLG, Áine Uí Choinn, agus Uachtarán CLG, Iarlaith Ó Broin*

D’fhógair Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Iarlaith Ó Broin, gurb é iománaí Átha Cliath, Fergal Whitely, a bheidh mar Ambasadóir na Gaeilge ag Cumann Lúthchleas Gael do 2025, ag ócáid i bPáirc an Chrócaigh le gairid. Tá an Ghaeilge an-tábhachtach do Fergal agus tá sé ag súil go mór leis an ról mar Ambasadóir Gaeilge CLG.

Mar chuid den ról beidh Fergal ag tacú le scéimeanna agus le hócáidí Gaeilge de chuid an Chumainn ar nós Cuaille (iris Ghaeilge ar líne an Chumainn), Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha agus na GAAgaeilge Go Games a bheidh ar siúl i bPáirc an Chrócaigh níos déanaí sa bhliain.

Ag an seoladh i bPáirc an Chrócaigh, chuir Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Iarlaith Ó Broin, fáilte roimh Fergal chuig an ról agus ghuigh sé gach rath air don bhliain amach romhainn.

Dúirt Fergal, múinteoir bunscoile i Scoil San Treasa i gCnoc Mhuirfean, gur mhór an onóir a bhí ann dó a bheith mar Ambasadóir na Gaeilge agus go raibh sé ag súil go mór leis an mbliain amach roimhe. Tá sé ag súil, freisin, le daoine a spreagadh lena gcuid Gaeilge a labhairt le linn na bliana.

Ó d’imir Fergal le hÁth Claith don chéad uair thiar sa bhliain 2017, tá sé anois ina chrann taca ag tosaithe Átha Cliath. Tá dhá chraobh chontae buaite aige lena chlub Cill Mochuda Na Crócaigh sna blianta 2021 agus 2022, nuair a d’éirigh leo an ceann is fearr a fháil ar Na Fianna sa dá chluiche cheannais sin.

Tá Cumann Lúthchleas Gael ag súil go mór le bheith ag obair le Fergal don bhliain amach romhainn. Tagann Fergal sna sála ar pheileadóir na Gaillimhe, Paul Conroy, a bhí mar Ambasadóir Gaeilge ar CLG i 2022, ar iománaí an Chláir, Paul Flanagan, a bhí mar Ambasadóir na Gaeilge i 2023 agus ar Sheán O’Shea a bhí mar Amabasadóir na Gaeilge do 2024.

# Do Threibh, Do Chontae



## Curaidh Peile Shinsear na gContaetha 2024

### LAIGHIN

Áth Cliath - Cuala
An Mhí – Dún Seachlainn
Cill Dara – Nás na Ríogh
Ceatharlach – Ráth Bhile
Lú – Naomh Mhuire Áth Fhirdhia
CIll Mhantáin – Tig na hÉille
Loch Garman – Baile an Chaisleáin Liam Ó Maoilíosa
Laois – Cúil an tSúdaire
Uíbh Fhailí – Tulach Mhór
An Longfort – Mainistir Leathrátha
An Iarmhí – Naomh Lómán

### ULAIDH

Muineacháin – An Bhoth
An Cabhán – Cros ar Loch
Dún na nGall – Naomh Adhamhnáin
An Dún – Cill Chua
Doire – An Droichead Nua
Ard Mhacha – Clann Éireann
Tír Eoghain – Aireagal Ciaráin
Aontroim – Clann na hÉireann
Fear Manach – Gaeil na hEirne

### CONNACHTA

Gaillimh – Cora Finne
Maigh Eo – Stiofánaigh Bhéal an Átha
Ros Comáin – Cumann Phádraig Mhic Phiarais
Sligeach – Cúil Iorra An Leathros
Liatroim – Maothail

### AN MHUMHAIN

Ciarraí – Na Crócaigh
Corcaigh – Gleann Bearcháin
Luimneach – Áth Dara
An Clár – Éire Óg Inis
Tiobraid Árann – Luachma Caisleán Laighnigh
Port Láirge – Ráth Ó gCormaic



**Le hAedín Ní Bhriain**




# Ár gCluichí, Ár Laochra

## Shane O'Donnell

**Roinneann Shane O'Donnell, iománaí na bliana 2024, roinnt smaointe ar Iománaíocht, an tábhacht a bhaineann le teaghlach, cairdeas agus obair foirne le hOifigeach Gaeilge na Mumhan, Aedín Ní Bhriain.**



*Shane O'Donnell le Corn Liam Mhic Cárthaigh tar éis don Chlár an ceann is fearr a fháil ar Chorcaí i gCluiche Ceannais na hÉireann*

**Ainm:**
Shane O'Donnell

**Club:**
Éire Óg, Inis, Contae an Chláir

**Cén chéad chuimhne atá agat ar CLG?**
Is cuimhin liom bheith ag imirt le Naomh Fhlannáin go dtí go raibh mé faoi 12, sin sula raibh acadamh faoi aois ag Éire Óg agus roinneadh Baile na hInse i gceithre chod. Mar sin, bhíos ag traenáil le go leor daoine a bhfuil mé fós cairdiúil leo. Bhíos fé 15 an chéad uair a d'imir mé don Chlár. An tráth sin, bhí mé ag imirt sa líne lánchúlaí.

**Cérbh é an t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg?**
Henry Shefflin — bhí sé mar chuid d'fhoireann Chill Chainnigh sna 2000í – Bhíodar dochreidte mar fhoireann.

**Cé hé an t-imreoir is fearr leat a bheith ag imirt leis?**
David Reidy — Imrím leis sa chlub agus ag leibhéal an Chontae.

**Céard faoin imreoir is fearr ar imir tú ina choinne?**
Conor Cleary (& sinn i mbun traenála) — tá sé chomh deacair é a mharcáil. Is maith liom a bheith ag imirt leis (ar an bhfoireann) mar, sa tslí sin, ní gá dom imirt ina choinne! Is duine iontach é freisin.

**Cad é buaicphointe do shaoil imeartha go dtí seo?**
An bua a bhí againn sa Chluiche Ceannais i mbliana (2024). Tá sé sin bunaithe ar mheascán d'ionchais i mbliana, ar thaithí go dtí seo agus ar ábhar díomá thar na blianta. Braitheann tú gurbh fhiú an 20 bliain a chaith tú ag imirt. Nuair a bhuamar i mbliana, tá tú ag caint faoi 10 nó 11 bliana ó bhuamar an uair dheireanach, ach nuair a bhuamar i 2013, b'shin mar a bhí ag an am, mar bhíomar ag buachan cluichí an t-am ar fad. Bhuamar go leor faoi aois, agus ansin bhuamar Cluiche Ceannais na hÉireann 2013. Bhí sé iontach ach níor thuigeamar fiú cad a bhí i gceist leis. Déarfainn ANOIS go dtuigim a bhfuil i gceist leis. Ní mór aoibhneas & sásamh a bhaint as - 100 %!

**Cé hé an duine is mó a raibh tionchar aige/aici ar do shaol imeartha?**
Déarfainn go raibh beirt i gceist anseo— m'athair agus mo dheartháir Mark — is iadsan is cúis leis an áit ina bhfuilim maidir le hiomáint. Mo Dhaid — ó

thaobh na hiománaíochta de — ó lá go lá, an t-am ar fad. Déanann sé mo chuid camáin go léir.
Bhí Mark, mo dhearthair, seacht mbliana níos sine ná mise. Bhí sé mar bhall de na foirne go léir romham, foirne an Chláir, foirne Choláiste Fhlannáin. Bhuaigh sé Corn an Artaigh agus Craobh Uile-Éireann le Coláiste Fhlannáin. Mar sin, bhí bealach leagtha amach aige domsa & d'aithin daoine an t-ainm O'DONNELL faoin am a bhí mé ag imirt, rud a chabhraíonn go mór i ndáiríre.

**Aon chomhairle a bheadh agat d'imreoirí óga?**
An príomhrud a theastaíonn uaim a chur in iúil ná nár cheart go mbraithfeá riamh gur gá duit staidéar a roghnú thar spórt nó a mhalairt . Ní gá rogha a dhéanamh idir an dá rud. I ndáiríre, comhcheanglaíonn siad go maith le chéile. Sa Mheánscoil, braitheann daoine áirithe go gcaithfidh siad stop a chur leis an iománaíocht toisc go bhfuil a dTeastas Sóisearach i gceann 3 mhí — tá an cineál sin ruda craiceáilte d'ár liom . Is cinnte gur féidir leat an dá thráth a fhreastal.

**An bhfuil laoch spóirt agat lasmuigh den CLG?**
Ag féachaint ar an Tour de France i mbliana, chuaigh na rothaithe a bhí ag glacadh páirte ann, cosúil le Wout Van Art, go mór i bhfeidhm orm.
Tá siad go léir dochreidte — is í an Obair Foirne atá suantasach ach go háirithe. Shíl mé i ndáiríre gur spórt aonair a bhí ann ach go tobann chíonn tú 5 leaid ag déanamh tréaniarrachta buachaill amháin a thabhairt suas go barr an tsléibhe! Tá siad go léir ar ardchaighdeán agus chomh dírithe ar an bhfoireann — tá sé dochreidte.

**Agus ar deireadh, mar Oifigeach Gaeilge, ba mhaith liom ceist a chur ort faoin teanga — An mbeadh aon smaointe agat faoi thábhacht na Gaeilge?**
Braithim bródúil as leibhéal éigin Gaeilge a bheith agam. Mhúin Gary Brennan (iar-pheileadóir de chuid an Chláir) mé don Ardteist i gColáiste Fhlannáin. Chuaigh mé go dtí an Ghaeltacht faoi dhó le linn an tSamhraidh & mé i mo dhéagóir. Nuair a chloisim daoine ag plé ar chóir nó nár chóir an Ghaeilge a dhéanamh mar ábhar scoile, áitím i gcónaí gur chóir mar go mbraithim bródúil go bhfuil an teanga fós á caomhnú againn. Feicim mo Dhaid ag freastal ar ranganna Gaeilge sa chlub (Éire Óg) agus is breá liom triail a bhaint as comhrá Gaeilge a bheith agam leis.

**Ag súil go mór leis an gcéad séasúr eile...**
Tá mé ag súil go mór leis. Tá an iomáint faoi bhláth faoi láthair, leis an oiread sin foirne maithe.
Go raibh míle maith agat Shane — Imreoir na bliana 2024



# TABHAIR MEAS TUILL MEAS

Ár gcluichí. Ár rogha.



Ómós á thabhairt do Sheán Boylan agus d'fhoireann bhuacach pheileadóirí na Mí 1999 ag Cluiche Ceannais Peile na hÉireann anuraidh

# 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh!

*Ná bígí ag googláil!*

1. 1.Cén contae ar a dtugtar 'An tÚllord'?
2. Cé hé bainisteoir fhoireann shinsear iomána Chill Chainnigh?
3. Cé hé Iománaí na Bliana 2024?
4. Cá n-imríonn Gaillimh a gcuid cluichí baile?
5. Cá mhéad Gradam All-Star atá buaite ag David Clifford?
6. Cé a bhuaigh Peileadóir na Bliana 2021?
7. Cá mhéad Craobh Shinsear Peile Uile-Éireann atá buaite ag Áth Cliath?
8. Cén contae lena n-imríonn James McNaughton?
9. Cá mhéad Craobh Shinsear Peile Uile-Éireann a bhuaigh Seán Boylan leis an Mí?
10. Cén contae ina n-imríonn CLG Chill Chomáin?

FREAGRAÍ

# Ó Sé ag súil le tús Chraobh Peile f20 na Mumhan agus leis na rialacha nua

**Le Jamie Ó Tuama**



*Bhí seoladh Chraobh Peile faoi 20 dalata CLG ar siúl i mBaile Átha Cliath le gairid*

Seoladh Craobhchomórtas Peile f20 Dalata/CLG ag ócáid in Óstán Clayton le gairid. Thapaigh mé an deis labhairt le bainisteoir fhoireann f20 Chiarraí ag an ócáid agus thug sé suas chun dáta mé maidir leis na hullmhúcháin a bhí idir lámha aige do Chraobh Peile na Mumhan. Ní raibh ach sé seachtaine fágtha go dtí an chraobh nuair a labhair mé leis agus thug sé le fios go raibh rudaí ag teacht le chéile de réir a chéile.

'Bheul, tá, is dócha', a deir Ó Sé, tá sé seachtaine fágtha againn. An bhfuil muid réidh? N'fheadar an mbeidh muid riamh réidh ach táimid ag traenáil linn. Tá, is dócha, comórtaisí coláistí agus comórtaisí scoile ag cur isteach orainn ach tá muid breá sásta leis an ngrúpa atá istigh againn agus tá súil agam anois go mbeidh na coláistí ag críochnú suas. Tá na scoileanna ag críochnú suas sula i bhfad agus ba cheart go mbeadh painéal iomlán againn.

'Tugann sé saghas ardú croí dos na héinne nuair a thagann siadsan isteach agus an painéal againn agus le cúnamh Dé beidh trí seachtaine nó ceithre seachtaine againn i dteannta a chéile i gceart. Ba cheart go mbeadh muid ullamh ansan, fén dtráth a dtiocfaidh an chéad lá d'Aibreán.'

Maidir leis na rialacha nua, tá Ó Sé den tuairim nach mbeidh sé ródhúshlánach ar na himreoirí atá tar éis a bheith ag imirt faoi na seanrialacha ag an dara agus an tríú leibhéal le tamall de sheachtainí anuas, gabháil i dtaithí orthu.

'Tá siad dúshlánach mar nuair a chíonn tú leaid atá tar éis saorchic a fháil agus é stadaithe suas agus daoine ag béiceach air coimeád ag rith, is féidir leat rith anois leis an 'tap and go', a deir Ó Sé. 'Sin iad na rudaí, ach rachaidh siad i dtaithí orthu, abair i gcomparáid leis an ngang atá againn. Ní thógfaidh sé i bhfad orthu in aon chor.

'Ní thógfaidh sé agus beidh siad ag cabhrú lena chéile agus ag gríosadh a chéile. Tá siad cliste. Ní thógfaidh sé i bhfad ach is dóigh liom go huile is go hiomlán ag caint ar na rialacha, tógfaidh sé bliain iomlán sara mbeidh gach éinne compordach leo agus go bhfuil saghas cuma nádúrtha orthu.'

Maidir leis na rialacha is fearr le Ó Sé, luann sé na ciceanna amach, gan pasanna ar ais chuig an gcúl báire a bheith ceadaithe agus níos mó coimhlintí le haghaidh sheilbh na liathróide.

'D'fhéadfá a rá go bhfuil deacrachtaí ag baint le gach riail ach tá buntáistí le gach riail chomh maith', a mhíníonn Ó Sé. 'Is breá liom nach bhfuil aon chead

agat pas a thabhairt ar ais go dtí an báideoir. Má tá cosantóir ag teacht amach is féidir leat a rá anois 'téir ina dhiaidh agus sáigh suas'. Is dócha difríocht mhór foirne is ea titim siar, a bheith ag titim siar an t-am ar fad. Is dóigh liom go bhfuil cuireadh ann anois imeacht ina dhiaidh. Sin rud mór.

'An cic amach. Níl an ceann gairid ann agus is féidir leat brú suas arís. Tá níos mó coimhlintí ach tabhair am dósan socrú síos ó thaobh saghas patrún éigin a bheith amuigh, agus níos mó spáis a bheith amuigh agus spás a chruthú do bheirt imeacht in airde seachas ceathrar nó cúigear imeacht in airde le chéile.

'An 'tap and go', is dóigh liom go bhfuil sé go hiontach. Má fhaigheann tusa saorchic mar chúlaí anois is féidir leat bogadh ar aghaidh go tapaidh agus ní féidir tú a mhoilliú síos mar a bhíodh ag tarlú.

'An dá phointe lasmuigh den stua. Cinnte tá buntáistí agus míbhuntáistí leis sin. Sílim go bhfuil sé ródhian ar fhoirne, ach an bhfuil? Chonac Maigh Eo an lá deireanach i gcoinne na Gaillimhe. Fuaireadar seacht gcinn is dóigh liom in aon chluiche amháin. Cinnte bheadh obair déanta aige Maigh Eo ina dhiaidh san ag cinntiú nach mbeadh an spás céanna i gceist agus is dóigh liom arís, seachas a bheith ag titim siar, brúigh amach agus cuir brú ar an gcaid. Taitníonn sé sin liom.

'An t-aon rud amháin nach dtaitníonn liom ná an báideoir ag imeacht suas fén ngort ach leithéidí Ard Mhacha ag baint úsáid iontach as. Tír Eoghain. Uíbh Fháilí, Paddy Dunican ag déanamh go hiontach ar fad leis. Is dóigh liom go bhfanfaidh sé toisc an méid sin contaetha i bhfabhar é a choimeád.'

Dar ndóigh tá samplaí feicthe againn nuair a rugadh ar an gcúl báire amach ón gcúl, mar a rinne Ronan Jones don Mhí nuair a d'aimsigh sé cúl ó 55 méadar amach in aghaidh Ros Comáin níos túisce sa tsraith.

'B'fhéidir ach is dóigh liom go bhfuil foirne chomh maith san ag moilliú', a deir an Ciarraíoch. 'Tarlóidh sé. Tharla sé le Ros Comáin chomh maith. Fuaireadar báire maith in aghaidh an Dúin ach n'fheadar? Is dóigh liom go bhfuil corrlach de 20-1 go dtarlódh sé. Sin 20 go n-úsáidfidh tú báireoir ar an dtaobh eile seachas scór a dh'fháilt.'

Cuirfidh Ciarraí tús lena bhfeachtas i gCraobh na Mumhan ag tús mhí Aibreáin.



*Tá Tomás Ó Sé ag súil go mór le tús Chraobh Peile na Mumhan*




Gach Eolas ar fail anseo

# An ceol go smior in Ambasadóir na Gaeilge, Fergal Whitely






**Le Jamie Ó Tuama**

Fógraíodh an t-iománaí cumasach Fergal Whitely mar Ambasadóir Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael ag ócáid i bPáirc an Chrócaigh an mhí seo caite. Labhair mé le réalta Átha Cliath faoin gcaitheamh aimsire eile atá ina shaol – an ceol. Is píobaire den scoth é Fergal agus labhair sé linn faoin gcaoi ar tharla sé go raibh an ceol go smior ann an chéad lá.

'Sheinn mo shin-seanmháthair an fhidil ach seachas sin ba sa bhunscoil a thosaigh mé ag seinm i mBaile na Manach agus ansin ag Comhaltas', a mhíníonn Fergal. 'Thosaigh mé ag seinm an fheadóg stáin agus uaidh sin bhí múinteoir píobaireachta agam, Joe Doyle an t-ainm atá air. Thosaigh mé ag dul go dtí ceachtanna ansin agus nuair a thosaigh mé i gColáiste Eoin, thosaigh mé ag seinm go dáiríre.

Labhair sé faoin gcaoi ar thug sé faoi na píb uilleann mar uirlis cheoil.

'Dar ndóigh na píb uilleann, uirlis dhifriúil atá ann ach bhí ceathrar nó cúigear a sheinn na píb sa rang céanna liom. Sin an áit as ar fhás sé. Is dócha, na cairde is fearr atá agam seinneann siad ceol. Ghlac muid páirt i Siansa Gael Linn i 2015 agus i 2016. Bhí an t-ádh orainn gur bhuamar an comórtas i 2016 beagnach naoi mbliana ó shin anois!'

Rud é sin thugann le fios gur ceoltóir an-chumasach é Fergal. Cé go bhfuil sé dúshlánach am a leagan ar leataobh don cheol de bharr na traenalá a bhíonn aige le hiománaithe Átha Cliath, déanann sé iarracht a bheith ag casadh chomh minic agus is féidir leis ar scoil, lena chairde agus lena theaghlach.

'Ní bhím ag cleachtadh chomh minic agus ba mhaith liom ach fós déanaim iarracht ag teacht suas chuig Seachtain na Gaeilge ar scoil', a deir sé.

'Iarrann siad orm seinnt agus déanann muid céilí. Seinneann muid Amhrán na bhFiann chomh maith le cúpla tiúin eile leis na páistí.

'Seinnim le mo dheirfiúracha, freisin, agus ag bainiseacha. Tagann rudaí éagsúla suas. Sa samhradh cúpla bliain ó shin chas mé le grúpa ceoil sinsir agus chríochnaíomar suas sa Muileann gCearr, an áit a raibh Fleadh Cheoil na hÉireann ar siúl. Rinne mé é sin le go bhféadfainn a bheith ag seinm níos minicí.
'Bíonn sé deacair seinnt leis an traenáil. Seinneann mo dheirfiúr an consairtín agus an deirfiúr eile an pianó, an consairtín chomh maith leis an bhfliúit. Bíonn seisiúin sa mbaile go minic againn!'

Cá bhfios ach go mbeidh cúpla fonn le casadh ag Fergal le linn na bliana agus é ina Ambasadóir Gaeilge ag Cumann Lúthchleas Gael.

# An tarraingt déanta do Chomórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta 2025




*Clubanna Gaeltachta ag Seoladh Chomórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta i bPáirc an Chrócaigh anuraidh*

Cúig chomórtas ar fad a imreofar ag Comórtas Peile na Gaeltachta i nGaeltacht Ráth Chairn i mbliana – Comórtais Shóisear agus Shinsear na bhFear chomh maith le Comórtais Shóisear, Idirmheánach agus Shinsear na mBan.

Beidh Comórtas Peile na Gaeltachta ar siúl le linn dheireadh seachtaine na Cincíse idir 30 Bealtaine agus 2 Meitheamh. Beidh réamhbhabhtaí agus comórtais áitiúla na gcontaetha éagsúla ar siúl uaidh seo go ceann cúpla mí.

Is mar seo a leanas a bheidh leagan amach chomórtais na bliana seo:

**Comórtas Sóisear na bhFear**

***Réamhbhabhta***

1 Laochra Loch Lao (Aontroim) v Na Gaeil Óga (Áth Cliath)
2 Corcaigh v Gaillimh

***Cluichí Ceathrú Ceannais***

A Dún na nGall v Ciarraí
B An Seanphobal (Port Láirge) v Maigh Eo
C 1 v 2
D Clann na nGael (An Mhí)

***Cluichí Leathcheannais***

A v C
B v D

**Comórtas Sóisear na mBan**

***Cluichí Ceathrú Ceannais***

A Dún na nGall v Gaillimh
B Clann na nGael (An Mhí) v Na Gaeil Óga (Áth Cliath)
C Bhulf Tón (An Mhí) v Laochra Loch Lao (Aontroim)
D Maigh Eo

***Cluichí Leathcheannais***

B v A
C v Maigh Eo

**Comórtas Idirmheánach na mBan**

***Cluichí Leathcheannais***

Dún na nGall v Gaillimh
Corcaigh v Ciarraí

**Comórtas Sinsear na mBan**

Baile Chláir na Gaillimhe (Gaillimh) v Dún na nGall

**Comórtas Sinsear na bhFear**

***Cluichí Ceathrú Ceannais***

A Ciarraí v Dún na nGall
B Bhulf Tón (An Mhí) v An Rinn (Port Láirge)
C Gaillimh v Corcaigh
D Maigh Eo v Tánaistí na Gaillimhe/Dhún na nGall

***Cluichí Leathcheannais***

A v D
B v C



Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha




## Faigh tacaíocht d'Ár dTeanga !

## Our Games – Our Heroes – Get support for Our Language!

Is scéim tacaíochta de chuid Ghlór na nGael agus de chuid Chumann Lúthchleas Gael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirfidh Glór na nGael cuidiú ar fáil don Oifigeach Gaeilge i bhfoirm chomhairle,
tacaíochta agus idéanna le tógáil ar an obair mhaith atá á déanamh sa chlub cheana féin. Is féidir deontas a lorg ón Fhondúireacht chun cuidiú leis na pleananna sin a chur i gcrích agus bronnfar bonn ar na clubanna as méid áirithe a bhaint amach ar son na teanga.

The Joe McDonagh Foundation is a support service provided by Glór na nGael and the GAA to clubs wishing to further the Irish Language in their community. Glór na nGael will offer help to the Oifigeach Gaeilge to give them direction, support and ideas to build on the good work that has already been done within the club. Grants are available from the Foundation to help realise your plans and medals will be awarded to clubs for various levels of achievement in promotion of the language.

www.glornangael.ie

Glór na nGael

GAA



# An Ghaeilge faoi bhláth i gclubanna thar lear

Tá sé fógartha le déanaí ag Gaelchultúr Teo i gcomhar le Cumann Lúthchleas Gael go bhfuil 50 scoláireacht ar fáil do bhaill de chuid Chumann Lúthchleas Gael thar lear le freastal ar ranganna Gaeilge de chuid Gaelchultúir. Ba mhór an t-iontas agus an dea-scéal é don dá mhóreagras náisiúnta an líon spéise a léiríodh sna scoláireachtaí ó fógraíodh iad coicís ó shin. Os cionn 200 imreoir ar fad ó 72 thír a léirigh suim sna ranganna agus déanfar teagmháil leo siúd ar éirigh leo scoláireacht a bhaint amach sna laethanta amach romhainn. Dáilfear na scoláireachtaí ar bhaill ón líon is mó clubanna agus is féidir.

Agus é ag caint faoi na deiseanna scoláireachta seo do bhaill thar lear, dúirt Iarlaith Ó Broin, Uachtarán CLG, go raibh sceitimíní air maidir leis an gcomhpháirtíocht seo:

'Bhí sé mar sprioc ag CLG i dtólamh pobal agus féiniúlacht a chothú, agus tá ár gceangal leis an Ghaeilge lárnach san aidhm seo. Trí na scoláireachtaí seo, léireoidh ár n-imreoirí agus ár mbaill trí eiseamláir gur cuid bheo dár n-oidhreacht í an Ghaeilge agus gur cheart dúinn í a cheiliúradh agus a chaomhnú do na glúnta atá le teacht.'




D'aontaigh Darren Ó Rodaigh, Príomhfheidhmeannach Ghaelchultúir le tuairimí Uachtarán CLG:

'Is cuid lárnach í an Ghaeilge d'fhéiniúlacht, d'oidhreacht agus do phobal an CLG. Trí na scoláireachtaí seo, tacaíonn Gaelchultúr le himreoirí CLG ar fud an domhain a gceangal leis an teanga, rud atá ag croílár ár gcluichí agus ár gcultúr, a neartú. Trí chúrsaí Gaeilge saor in aisce a thairiscint do bhaill chlubanna ar fud an domhain, cinnteoimid go n-éireoidh leis an teanga cibé áit a n-imrítear cluichí Gaelacha. Táimid ag tnúth le fáilte a chur roimh imreoirí ar an aistear seo agus an nasc idir ár dteanga agus pobal CLG a dhoimhniú.'

Dúirt Ciarán Mac Lochlainn, Cathaoirleach Chomhairle Dhomhanda CLG:

'Tá muid iontach sásta leis an chomhpháirtíocht seo le Gaelchultúr agus leis na deiseanna a thabharfaidh sí do Ghaeil thar lear an Ghaeilge a fhoghlaim. Is ábhar bróid iad do CLG na clubanna atá scaipthe ar fud an domhain rud a thugann deis do bhaill ceangal a choinneáil lenár gcluichí agus sa chás seo lenár dteanga, fosta.'

Cuireann Gaelchultúr cúrsaí ar fáil do gach leibhéal cumais, cúrsaí atá dírithe ar ghlantosaitheoirí agus ar chainteoirí cumasacha araon. Cuirfear tús leis na cúrsaí seo an tseachtain dár tús an 10 Márta. Beidh deis ag na foghlaimeoirí freastal ar ranganna idirghníomhacha beo ar líne le linn an chúrsa agus tabharfar rochtain dóibh ar chláir foghlama féintreoraithe chomh maith, le go bhféadfaí scileanna teanga a fhorbairt sna ranganna beo agus go neamhspleách ar a luas féin, cibé áit ar domhan a bhfuil siad lonnaithe.



TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN
#gaagaeilge
Listen On
Spotify




Cumann Lúthchleas Gael
SCÓR

# Ceiliúradh ar Amhránaíocht, Dhamhsa, Cheol agus ar Dhrámaíocht

Rince Foirne | Amhránaíocht Aonair | Aithriseoireacht/Scéalaíocht | Bailéad-Ghrúpa Nuachleas | Ceol Uirlise | Rince Seit | Tráth na gCeist

**Tuilleadh eolais:**
**www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor**

GAA
TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

# An Bhréadach buacach ag Babhta Ceannais Thráth na gCeist Gaeilge

**Le Jamie Ó Tuama**



*An Bhréadach buacach ag Babhta Ceannais Thráth na gCeist Gaeilge*

Bhuaigh C.L.G. na Bréadaí ón Dún Comórtas Náisiúnta Thráth na gCeist Gaeilge ag Babhtaí Ceannais na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh Dé Sathairn, 1 Feabhra. Chríochnaigh foireann an Dúin go han-láidir ach bhí fíoriomaíocht ann ó thús deireadh. Ní raibh ach an t-aon phointe amháin ag scaradh na bhfoirne sa deireadh agus muintir CLG Éadan Doire sna sála orthu.

Coiste Náisiúnta Gaeilge, C.L.G., a d'eagraigh an comórtas agus ba é Cathaoirleach an Choiste, Áine Uí Choinn, a bhí mar Mháistreás na gCeisteanna ar an lá agus bhí neart ceisteanna suimiúla aici.

Ba í Áine a bhronn na boinn óir ar na buaiteoirí agus boinn airgid ar na Tánaistigh ar chéimeanna Ardán Uí Ógáin.

Seo a leanas na foirne a chuaigh tríd chuig Babhtaí Ceannais Thráth na gCeist Gaeilge:

***Connachta***
*Ail Finn, CLG (Ros Comáin)*
*Barr na Cúile, CLG (Liatroim)*
*Réaltaí Thuama (Gaillimh)*

***Ulaidh***
*Aodh Ruadh, CLG (Dún na nGall)*
*An Bhréadach, CLG (An Dún)*
*An Boireann, CLG (An Dún)*

***An Mhumhain***
*Creatlach, CLG (An Clár)*
*An Spá, CLG (Ciarraí)*
*Sráid an Mhuilinn, CLG (Corcaigh)*

***Laighin***
*Naomh Muire, Ros Láir, CLG (Loch Garman)*
*Éadan Doire, CLG (Uíbh Fhailí)*
*Baile Buadáin, CLG (Áth Cliath)*



**Na Fianna - Curaidh Iomána na hÉireann 2024-2025**




**Cuala - Curaidh Peile na hÉireann 2024-2025**

# Cláraigh le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha go beo!




*Cathaoirleach Choiste Náisiúnta Gaeilge CLG, Áine Uí Choinn, Uachtarán CLG, Iarlaith Ó Broin, Ambasadóir Gaeilge CLG, Fergal Whitely*

An bhfuil an Ghaeilge faoi bhláth i do chlub? Cén fáth nach gcláraíonn sibh le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha?

Is scéim tacaíochta de chuid Chumann Lúthchleas Gael agus Ghlór na nGael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha atá dírithe ar chlubanna CLG atá gníomhach i gcur chun cinn na Gaeilge. Is iad Glór na nGael a riarann an scéim seo i gcomhar le Coiste Náisiúnta Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael.

Cuireann clubanna fud fad na tíre an Ghaeilge chun cinn ina gcuid clubanna gan aon aitheantas. Is é cuspóir na fondúireachta seo ná aitheantas a thabhairt don obair sin, agus deis a thabhairt do chlubanna forbairt a dhéanamh ar an obair sin, ar bhonn tomhaiste agus pleanáilte. Tá treoir agus moltaí ar fáil don scéim seo ach teagmháil a dhéanamh le clg@glornangael.ie nó le hOifigeach Forbartha Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael, Jamie Ó Tuama, ag jamie.otuama@gaa.ie.

Is féidir clárú le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha ANSEO

Mar chuid den fhondúireacht seo, freisin, tá ciste miondeontais ann le cabhrú le clubanna imeachtaí Gaeilge a eagrú ina gcuid clubanna. Cuirtear na cistí seo ar fáil ag amantaí éagsúla le linn na bliana. Bronntar boinn chré-umha, airgid agus óir ar chlubanna ag deireadh na bliana – ag brath ar an líon spriocanna a leagtar síos san Fhondúireacht a bheith bainte amach ag clubanna.

Is in ómós do Sheosamh Mac Donncha (1953-2016) a cuireadh an Fhondúireacht seo ar bun. Fear le háireamh a bhí i Joe a bhain go leor amach dó féin agus do phobal na tíre seo i gcoitinne le linn a shaoil. D'éirigh leis an post is airde i gCumann Lúthchleas Gael a bhaint amach. Mar iománaí, thóg sé Corn Mhic Cárthaigh leis siar thar Sionainn agus bhí sé ina phríomhfheidhmeannach, agus ina chathaoirleach, ar chuid de mhóreagraíochtaí na tíre seo, Foras na Gaeilge ina measc.

Trí chlárú leis an bhFondúireacht tá do chlub ag tabhairt tiomantais go gcuirfear an Ghaeilge chun cinn go gníomhach agus go dtabharfar spás lárnach di i saol laethúil an chlub. Tapaigh an deis. Cláraigh leis an bhfondúireacht go beo!

Ní hamháin go n-aithníonn an ócáid seo éachtaí na gclubanna, ach neartaíonn sé freisin an tábhacht a bhaineann leis an Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn tríd an spórt.

Tá tuilleadh eolais maidir le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha ar fáil ag www.glornangael.ie/clg

| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C | Ó | N | A | Á | F | B | G | A | C | H | C | F | B | D | I | É | C |
| I | A | E | F | L | A | E | R | N | É | S | U | D | Í | R | C | F | O |
| U | É | G | L | E | I | S | A | N | D | E | A | S | Ó | G | C | A | S |
| M | U | H | L | I | M | Í | B | R | R | I | I | I | L | A | O | G | A |
| H | É | D | H | S | T | N | O | D | U | G | L | N | I | L | N | S | I |
| A | E | R | O | A | T | R | P | T | I | O | L | P | R | E | A | B | N |
| I | Ú | Ó | L | N | O | S | A | O | L | É | E | A | T | H | I | E | T |
| S | Ó | C | O | G | I | H | S | A | D | S | E | S | M | E | R | L | F |
| N | O | H | Ú | C | Á | I | L | M | É | N | O | C | N | M | A | H | I |
| A | T | L | Á | I | A | M | Á | Á | B | H | Í | O | F | I | N | I | A |
| B | O | B | N | O | N | A | I | G | U | S | T | I | N | A | I | F | C |
| R | I | A | N | T | É | A | M | H | S | U | A | S | N | A | M | I | L |
| Ó | S | G | S | Ó | I | Ú | H | C | O | I | R | E | S | A | R | B | A |
| I | H | Á | A | G | N | L | E | A | O | C | R | H | P | R | E | A | B |
| G | R | A | C | E | I | L | G | A | E | L | A | A | Ó | N | O | L | C |
| E | R | H | É | A | D | B | L | O | C | Á | I | L | D | U | R | I | N |
| A | N | Ú | Á | T | T | O | N | S | M | R | N | Á | P | S | A | M | Ó |
| U | P | S | É | O | A | G | Ó | C | O | S | G | O | L | Á | M | H | É |

# Roinnt Téarmaí don Chóitseálaí

*Aimsigh na Focail!*

***Druil*** *(Drill)*

***Cón*** *(Cone)*

***Cuaille*** *(Pole)*

***Ciumhais na bróige*** *(Outside of the boot)*

***Leis an gCiotóg*** *(Off the Left foot)*

***Leis an Deasóg*** *(Off the Right foot)*

***Téamh suas*** *(Warm Up)*

***Pas láimhe*** *(Hand pass)*

***Pas coise*** *(Foot pass)*

***Conair an Imreora*** *(Player Pathway)*

***Húcáil*** *(Hook)*

***Blocáil*** *(Block)*

***Cos go Lámh*** *(solo)*

***Preab*** *(Hop)*

***Cosaint Fiacla*** *(Gum Shield)*

***Tarraing*** *(Pull)*




# Crosfhocal

## TRASNA

1. Bainisteoir peile Ard Mhacha, 8
4. Peileadóir de chuid na Gaillimhe, 5
5. Cathaoirleach an FRC ___, 5
7. Iománaí na Bliana, 1,7
10. Contae Darragh agus Ruairí, 3, 5
11. Contae David Fitzgerald, An ____, 4
12. Bainisteoir Peile Chiarraí, 4
14. Uachtarán CLG, 1,5
15. Réiteoir as Corcaigh, 4

## SÍOS

1. Contae Ryan O'Donoghue, 5,2
2. Club Dhaire Uí Bhaoill, 5,7
3. Baile an Dúin, Páirc _________, 5
4. Ambasadóir Gaeilge CLG, 7
8. Contae Patrick Horgan, 8
9. Curaidh Peile 1927 agus 1928, ______, 4, 4
13. Bainisteoir Iománaithe Átha Cliath, 5







FREAGRAÍ

# Stair Chumann Lúthchleas Gael – Na Móreachtraí Cuid 2




*Bhí Comóradh 100 bliain ar Chluichí Tailteann ag Cluiche Leathcheannais Iomána na hÉireann idir Luimneach agus Corcaigh anuraidh*

***1920 Domhnach na Fola***
Bhí foireann peile Átha Cliath le himirt in aghaidh Thiobraid Árann i bPáirc an Chrócaigh ar 21 Samhain, 1920, agus bhí an t-airgead a tógadh ag na geataí don chluiche dúshlánach seo le gabháil i dtreo ciste do phríosúnaigh phoblachtánacha.
An lá roimhe sin bhí Micheál Ó Coileáin tar éis a chuid fear a chur amach leis an 'Ciaro Gang' a mharú – gníomhairí rúnda de chuid Breataine a bhí ag obair agus ina gcónaí i mBaile Átha Cliath. Rinneadh slad an lá sin a d'fhág 14 ball de chuid Fhórsaí na Breataine marbh. Le díoltas a bhaint amach air sin, mharaigh arm na Breataine 14 duine agus ghortaigh siad na céadta eile nuair a thosaigh siad ag scaoileadh go neamhbhalbh i bPáirc an Chrócaigh.
Chuaigh 14 duine chuig cluiche an lá sin nár tháinig abhaile riamh.

***1924 Cluichí Tailteann***
Nuair a tháinig deireadh leis an gcogadh cathartha, shocraigh Rialtas Sealadach na hÉireann Cluichí Tailteann a chur ar siúl i bPáirc an Chrócaigh (bhí na cluichí seo le bheith ar siúl i 1922 ach cuireadh ar ceal iad de bharr an chogaidh chathartha). Tugadh deontas de £10,000 do Chumann Lúthchleas Gael le hathchóiriú a dhéanamh ar Pháirc an Chrócaigh don ócáid. Tógadh ardán nua leis an airgead sin – Ardán Uí Ógáin. Cé gur reáchtáladh na cluichí arís sna blianta 1928 agus 1932, aithnítear go forleathan gurbh iad cluichí 1924 ab fhearr astu uilig.

***1929 Bás Luke O'Toole***
Cailleadh Ard-Rúnaí CLG, Luke O'Toole leis an bhfliú ar 17 Iúil, 1929. Ba é Pádraig Ó Caoimh a tháinig i gcomharbacht air níos deireanaí an bhliain sin i mí na Samhna.

***1938 Briseadh an Dochtúra Dubhghlas de hÍde***
I mí na Nollag 1938 bhris CLG Uachtarán na hÉireann, Dubhghlas de hÍde, as a ról mar phátrún de chuid an Chumainn. Bhris de hÍde an riail maidir le cluichí iasachta nuair a d'fhreastail sé ar chluiche idirnáisiúnta sacair mar chuid dá ról mar Uachtarán na hÉireann, nuair a d'imir Éire in aghaidh na Polainne i bPáirc Chnocán Uí Dhálaigh i mBaile Átha Cliath.

***1939-1945 CLG agus an Dara Cogadh Domhanda***
Chuir na srianta taistil agus breosla isteach go mór ar na cluichí Gaelacha le linn an dara cogadh domhanda. Lean CLG orthu lena gcuid craobhchomórtas ina ainneoin sin, áfach.

***1947 Cluiche Ceannais na Polo Grounds***
Imríodh Cluiche Ceannais Sinsear Peile na hÉireann idir an Cabhán agus Ciarraí sna Polo Grounds i Nua-Eabhrac sa bhliain 1947 le suim a spreagadh sna Cluichí Gaelacha i measc na nGael-Mheiriceánach i Meiriceá. D'éirigh go hiontach leis an gCluiche Ceannais, a bhuaigh an Cabhán, agus cuireadh clubanna nua ar bun ar fad Mheiriceá ina dhiaidh sin. D'éirigh leis an gCumann brabús de £10,000 a dhéanamh chomh maith.

***1958 Wembley Cincíse***
D'éirigh le CLG na Breataine Staid Wembley a fháil ar cíos le haghaidh taispeántais ar na cluichí Gaelacha. D'éirigh chomh maith sin le 'Wembley Cincíse' go ndearnadh rud bliantúil de ar fhéilire CLG na Breataine go dtí 1975; d'fhreastail os cionn 40,000 duine ar an gcluiche dúshlánach sa bhliain 1962!

***1961 CLG agus teacht Telefís Éireann***
Nuair a cuireadh Telefís Éireann ar bun, bhí fáil ag cuid mhór de mhuintir na hÉireann ar an teilifís. Craoladh na cluichí Gaelacha beo den chéad uair. Bhí imní ann sna blianta tosaigh go mbeadh tionchar ag na cluichí Gaelacha a bheith á gcraoladh beo ar líon na ndaoine a d'fhreastalódh ar chluichí ach ní mar sin a bhí.

# Camchuairt Cheolmhar na hÉireann

Ag leanúint orainn ar thuras bóthair timpeall na tíre chun amhráin éagsúla a bhaineann le gach contae a cheiliúradh, táimid ag dul go Gaillimh don eagrán seo.

## Peigín Leitir Móir

*Curfá*
O gairim gairim í,
Agus gairim í, mo stór;
Míle grá le m'anam í
'Sí Peigín Leitir Móir!
Éirigh suas, a Pheigín
Agus seas ar bharr an aird
Comhar do chuid bullán
Agus féach an bhfuil siad ann.
*Curfá*
Tá Bríd agam 's tá Cáit agam
'Sí Peig an bhean is fearr;
Pé'r bith fear a gheobhas í,
Nach air a bhéas an t-ádh.
*Curfá*
Chuir mé scéala siar chuici
Go gceannóin di bád mór;
'Sé'n scéala 'chuir sí anair chugham
go ndéanfadh leathbhád seoil.
*Curfá*
Tá iascairí na Gaillimhe
Ag teacht anior le cóir
Le solas gealaí gile
Nó go bhfeicidís an tseoid.
*Curfá deiridh*
'S ó, gairim, gairim í
'Gus gairim í mo stór
Míle grá le m'anam í
Is gearr go mbeidh sí mór!



*Muintir Naomh Anna Leitir Móir ag na Go Games Gaeltachta i bPáirc an Chrócaigh thiar sa bhliain 2022*

# 10 gCéim Chun Tosaigh don Ghaeilge sa Chlub

- Amhrán na bhFiann
- Ambasadóir Gaeilge don Chlub
- Clárú le FSMD
- Comharthaí Gaeilge
- Ciorcal Comhrá
- Oifigeach Gaeilge a Cheapadh
- Pop-Up Gaeltacht
- Na Meáin Shóisialta
- Lá na Gaeilge sa Chlub
- Eolas faoi Scoláireachtaí Gaeltachta a Scaipeadh

## Do Chlub, Do Chéim

#GAAgaeilge

GAA.ie/thegaa/cultur-agus-gaeilge

# GAA
# Ag Dul i nGleic le Bulaíocht

Tá sé mar aidhm ag CLG timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le haon chineál bulaíochta inti.

Glacaimid le cur chuige eagraíochtúil le dul i ngleic le bulaíocht agus táimid tiomanta do struchtúir agus oiliúint ábhartha a chur i bhfeidhm le déileáil le líomhaintí bulaíochta. Breathnaítear ar eachtraí bulaíochta mar sháruithe tromchúiseacha ar ár gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige, Ár gCluichí – Ár gCód/ Our Games – Our Code.

Táimid tiomanta d'éiteas measa a bhaint amach chun cumas ár mball ar fad a uasmhéadú agus iad ag imirt nó páirteach inár gCluichí Gaelacha.

## CÉARD IS BULAÍOCHT ANN?

Tá ana-chuid samplaí bulaíochta ann:

- **Ó BHÉAL**: iarmhairtí a bhagairt, ráflaí a scaipeadh, ainmneacha a ghlaoch, magadh, ráitis ghnéis/chiníocha/seicteacha a dhéanamh, magadh faoi chuma fhisiciúil nó cumas spóirt.
- **FISICIÚIL**: ciceáil, dorn a chaitheamh, bualadh, seile a chaitheamh, greim a bhaint, cor coise a chur i nduine, goid nó milleadh maoine agus trealaimh.
- **MOTHÚCHÁNACH**: neamhaird a thabhairt, duine a fhágáil amach, trioblóid a tharraingt ar dhuine, cúlchaint, nótaí/litreacha/graifítí gránna a scríobh, litreacha/teachtaireachtaí téacs/ríomhphoist nó tuairimí gránna a scríobh.
- **CIBEARBHULAÍOCHT**: nuair a úsáidtear teachtaireachtaí meandracha, ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs, leathanaigh ghréasáin nó láithreáin líonraithe shóisialta chun ráflaí a scaipeadh, bagairtí nó ciapadh a dhéanamh. D'fhéadfaí teachtaireachtaí scríofa, grianghraif, fiseáin nó teachtaireachtaí béil a áireamh ann.

## BULAÍOCHT A CHOSC

Tá sé de fhreagracht ar gach duine sa Chlub eachtraí Bulaíochta a chosc nó más gá, déileáil leo.

**Ba cheart d'imreoirí, cóitseálaithe agus Clubanna CLG:**

- ✓ Cód Iompair a chur i bhfeidhm agus iad ag obair le himreoirí faoi aois
- ✓ Timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le Bulaíocht inti
- ✓ Tacú le héiteas an Chlub go bhfuil sé 'ceart go leor insint'
- ✓ Gach duine a chur ar an eolas maidir lenár mBeartas Frithbhulaíochta
- ✓ An tionscnamh Tabhair Meas – Tuill Meas a chur chun cinn

TABHAIR MEAS TUILL MEAS
Ár gcluichí. Ár rogha.

Tá sé de fhreagracht ar an Oifigeach Leanaí i ngach Club 'éiteas frithbhulaíochta' a chur chun cinn agus a chinntiú go gcloíonn an Club leis an gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige – Ár gCluichí – Ár gCód.




## DÉILEÁIL LE BULAÍOCHT

Cén chaoi a mbíonn a fhios agat gur Bulaíocht atá i gceist? Cuir na ceisteanna seo a leanas ort Féin:

**DÍRITHE** An bhfuil an t-iompar dírithe ar ghrúpa nó ar dhuine aonair?

**FAD** HAn bhfuil an t-iompar seo ar siúl le tréimhse ama?

**MINICÍOCHT** Cé chomh minic is a bhfuil an t-iompar agus an bhfuil pátrún ann?

**CUSPÓIR** An é cuspóir an iompair pian/dochar/anacair a chur ar dhuine nó ar ghrúpa?

**Ba cheart go mbeadh gach ball de Chlub CLG nó gach duine a fhreastalaíonn ar ár gcluichí nó gníomhaíochtaí ar an eolas nach nglactar le Bulaíocht sa CLG**

# Freagraí

***P. 10***
***10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh***

1. Ard Mhacha
2. Derek Lyng
3. Shane O'Donnell
4. Staid an Phiarsaigh
5. 5
6. Kieran McGeary
7. 31
8. Aontroim
9. 4
10. Maigh Eo

***P. 25***
***Crosfhocal***

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| M | C | G | E | E | N | E | Y | | | | | | |
| A | | A | | S | | | | | W | A | L | S | H |
| I | | O | | L | | | | | H | | | | |
| G | | T | | E | | G | A | V | I | N | | | |
| H | | H | | R | | | | | T | | | | |
| E | | D | | | | | | | E | | | | |
| O | | O | D | O | N | N | E | L | L | | | | |
| | | B | | | | | | | Y | | | | |
| | | H | | | | | | | | | | | |
| | | A | | | | | | | | | | | |
| | | I | | C | | | | C | | | | | |
| T | Í | R | E | O | G | H | A | I | N | | | | |
| | | | | R | | | | L | | | | | |
| | | | | C | | | C | L | Á | R | | | |
| | | | J | A | C | K | | D | | | | | |
| | | | | I | | | | A | | N | | | |
| | | | | G | | Ó | B | R | O | I | N | | |
| | | | | H | | | | A | | A | | | |
| | | | | | | | | | | L | | | |
| | | | | | | | | | | L | A | N | E |



# MÍLE BUÍOCHAS

**Míle buíochas le gach duine a chuir ábhar ar fáil don eagrán is deireanaí seo de 'Cuaille'. Cuirtear fáilte roimh aiseolas agus is féidir tuairimí a chur in iúl nó ceisteanna a chur chuig jamie.otuama@gaa.ie.**

**Arna chur ar fáil ag Rannóg Cumarsáide Chumann Lúthchleas Gael i bPáirc an Chrócaigh agus á chur in eagar ag Jamie Ó Tuama.**

**Deartha ag DBA Publications,**
**An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.**

GAA TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN